

Abair Amhrán Linn

Oíche Chultúir 2021

– Na Casaidigh –



Gael Linn



Abair Amhrán Linn

- Na Casaidigh-
Oíche Chultúir 2021

Liosta na n-amhrán

1. Fáinne Geal an Lae
2. Buachaill ón Éirne
3. An Maidrín Rua
4. Mo Chailín Rua
5. Óró mo Bháidín
6. Trasna na dTonnta
7. Caisleán an Droma Mhór
8. Níl sé 'na Lá
9. Beidh Aonach Amárach
10. Do Bhíos-sa Lá i bPórt Láirge
11. An bhFaca tú mo Shéamuisín
12. Báidín Fheidhlimidh
13. Óró 'sé do Bheatha Bhaile
14. Cúl an Tí
15. Cill Aodán
16. Cad é sin don té sin?
17. Faoiseamh a Gheobhadsa
18. An tEarrach Thiar
19. An tSeanbhean Bhocht

Abair Amhrán Linn

Fáinne Geal an Lae

Maidin moch do ghabhas amach
Ar bhruach Locha Léin
An Samhradh 'teacht 's an chraobh len' ais
Is ionrach te ón ngréin
Ar thaisteal dom trí bhailte poirt
Is bánta míne réidhe
Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas
Le fáinne geal an lae

Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc
Ar mo stóirín óg ón speir
Ach folt fionn órga síos go troigh
Ag fás go barr an fhéir
Bhí calán crúite aici ina glaic
'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh
Do rug barr gean ar Bhéineas deas
Le fáinne geal an lae

Do shuigh an bhrídoeg síos le m'ais
Ar bhinse glas den fhéar
Ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
Mar mhnaoi nach scarfainn léi
'S é dúirt sí liomsa, "Imigh uaim
Is scaoil ar siúl mé a réic"
Sin iad aneas na soilse ag teacht
Le fáinne geal an lae

Abair Amhrán Linn

Buachaill ón Éirne

Buachaill ón Éirne mé 's bhréagfainn féin cailín deas óg.
Ní iarrfainn bó spré léithe tá mé féin saibhir go leor.
'S liom Corcaigh 'a mhéid é, dhá thaobh a' ghleanna 's Tír
Eoghain.

'S mura n-athraí mé béasaí 's mé n' t-oidhr' ar Chontae
Mhaigh Eo.

Rachaidh mé 'márach a dhéanamh leanna fán choill
Gan choite, gan bád, gan gráinnín brach' ar bith liom
Ach duilliúr na gcráobh mar éideadh leapa os mo chionn
'S óró sheacht mh'anam déag thú 's tú 'féachaint orm anall.

Buachailleacht bó, mo lao, nár chleacht mise ariamh
Ach ag imirt 's ag 'ol 's le hógmhna deasa fá shliabh
Má chaill mé mo stór ní dóigh gur chaill mé mo chiall
A's ní mó liom do phóg ná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain.

A chuisle 's a stór ná pós an seandúine liath
Ach pós a' fear óg, mo lao, mur' maire sé ach bliain
Nó beidh tú go fóill gan ó nó mac os do chionn
A shilfeadh a'n deor tráthnóna nó'r maidin go trom.

Abair Amhrán Linn

An Maidrín Rua

Ag g'bháil ó thuaidh dom thar Shliabh Luachra,
'Gus mise 'cur tuairisc' mo ghéanna,
Ar mo chasadh anuas sea fuair mé a dtuairisc,
Go raibh maidrín ru' á n-aoireacht!

Cúfá:

An maidrín ru', ru', rua, rua, rua,
An maidrín rua 'tá gránna,
An maidrín rua 'na luí sa luachair,
'Gus barr a dhá chluais in airde.

"Good morrow, fox!" "Good morrow, sir!"
"Pray what is that you're ate-ing?"
"A fine fat goose I stole from you
And will you come and taste it?"
"Oh! No indeed, ní áil liom í,
Ní bhlaisfead pioc di ar aon chor,
But I vow and swear you'll dearly pay,
For my fine fat goose you're ate-ing!"

Cúfá

Greadadh croí cráite ort, a mhaidrín ghránna,
A rug uaim m'ái breá géanna,
Mo choiligh mhóra bhreátha
'S mo chearca 'bhí go hálainn,
Is mo lachain bheaga ab fhearr a bhí in Éirinn!

Cúfá

Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Tally ho! lena bhonn, a choileáinín!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Agus barr a dhá chluais in airde!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Tally ho! lena bhonn, a choileáinín!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Agus barr a dhá chluais in airde!

Abair Amhrán Linn

Mo Chailín Rua

Dá mbeinnse i mbliana mar bhí mé anuraidh
Toigh beag `bheith agam i gcois an chuain
Chuirfinn mo bhád amach ar a tSionainn
Agus bhéarfainn abhaile liom mo chailín rua.

Curfá:

Thug mé liom í ó bhaile go baile
Fríd Bhaile `Cliath `un na geaftaí cruá
Chan fhuil aon mhíle ó d'fhág mé an baile
Nach dtug mé deoch leanna do mo chailín rua.
Bhí ceann gruaige léi síos go talamh
`Gus barra na finne go dtug sí léi
Ba mhéanar don fhear óg a gheobhadh í le mealladh
Rogha na gcailíní mo chailín rua.

Curfá

Dá mbeinn chomh saibhir is a bhí mé anuraidh
Thógainn toigh mór ar an chnoc údaí thall
Fíon agus ór `siad a bhéarfainn do mo stór
Is bheinn a tSionainn gabháil ceoil le mo chailín rua.

Curfá

Chan fhuil aon teachósta a casadh romhainn sa bhealach
Nach dtug mé deoch leanna do mo chailín rua
Ach d'aimsigh sí léi le buachaill siopa
Slán go bhfillfidh tú a chailín rua

Curfá

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Óró mo Bháidín

Crochfaidh mé seolta is rachaidh mé siar
Óró mo churaichín ó
'S go hOíche Fhéil' Eoin ní thiochfaidh mé aniar
Óró mo bháidín

Curfá:

Óró mo churaichín ó
Óró mo bháidín
Óró mo churaichín ó
Óró mo bháidín

Nach breá í mo bháidín ag snámh ar a'gcuán
Óró mo churaichín ó
'S na céaslaí á dtarraingt go láidir 's go buan
Óró mo bháidín

Curfá

Nach lúfar í ag iomramh soir agus siar
Óró mo churaichín ó
a sárú ní bhfaighidh tú ó Árainn go Cliar
'S Óró mo bháidín

Curfá

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Trasna na dTonnta

Curfá:

Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar,
Slán leis an uaigneas 'is slán leis an gcian;
Geal é mo chroí, agus geal í an ghrian,
Geal a bheith ag filleadh go hÉirinn!

Chonaic mo dhóthain de Thíortha i gcéin,
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil,
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae
'S mé druidim le dúthaigh mo mhuintir!

Curfá

Muintir an Iarthair 'siad cairde mo chroí,
Fáilte 'is féile bheidh romham ar gach taobh.
Ar fhágaint an tsaoil seo, sé ghuidhim ar an Rí
Gur leosan a shinfear i gcill mé.

Cúrfá

Abair Amhrán Linn

Caisleán an Droma Mhór

Tá gaotha an gheimhridh sgallta fuar,
Thart thimchioll an Drom'-mhóir,
Ach ann sna halla tá siothchán,
A pháiste gheal a stóir.
Ta gach sean-duilleog dul air crith,
ach is og an beannglan thú,

Curfá:

Seinimis lothin lú ló lan
Seinim loithin lú ló

Nár thig aon droch-rud idir mé's
mo naoidheanán gan bhrón,
Nár thig aon tais ó'n Abhainn Mhóir
na Bean-sidhe Chloinne Eoghain,
á Muire Máthair ós ár g-cionn
ag iarradh grása duinn;

Curfá

A Róis mo chroídhe, a Slaithín ur
a's gharrha an Drom'-mhóir,
Bí ag fás go mbeídh gach cleite beag,
mar sgiathán iolair mhóir,
Agus léim ann sin air fad an t-saoghail,
oibrigh a's saothraigh clú;

Curfá

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Níl sé 'na Lá

Chuaigh mé isteach i dteach aréir
Is d'iarr mé cairde ar mhnaoi an leanna
Is é dúirt sí liom "Ní bhfaighidh tú deor
Buail an bóthar is gabh abhaile

Curfá:

Níl sé'n lá, níl a ghrá
Níl sé'n lá is ní bheidh go maidin
Níl sé'n lá, ná go fóill
Solas ard atá sa ghealaigh

Chuir mé féin mo lámh i mo phóca
Is d'iarr mé briseadh scillinge uirthi
Is é dúirt sí liom "Suigh síos ag bord
Is bí ag ól anseo go maidin"

Curfá

"Éirigh i do shuí, a fhear an tí
Cuir ort do bhrístí is do hata
Go gcoinne tú ceol leis an duine cóir
A bheas ag ól anseo go maidin"

Curfá

Nach mise fhéin an fear gan chéill
D'fhág mo chíos I mo nscórnach
Thug mé léin orm fhéin
Thug mé séan ar dhaoine eile

Curfá

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Beidh Aonach Amárach

Beidh Aonach Amárach i gContae An Chláir
Beidh Aonach Amárach i gContae An Chláir
Beidh Aonach Amárach i gContae An Chláir
Cé Mhaith Dom É Ní Bheidh Mé Ann

Curfá:

'S A Mháithrín An Ligfidh Tú Chun Aonaigh Mé?
'S A Mháithrín An Ligfidh Tú Chun Aonaigh Mé?
'S A Mháithrín An Ligfidh Tú Chun Aonaigh Mé?
'S A Mhuirnín Ó Ná Héiligh É

Níl Tú A Deich Nó A Haon Déag Fós
Níl Tú A Deich Nó A Haon Déag Fós
Níl Tú A Deich Nó A Haon Déag Fós
Nuair A Bheidh Tú Trí Déag Beidh Tú Mór

B'fhearr Liom Féin Mo Ghréasaí Bróg
B'fhearr Liom Féin Mo Ghréasaí Bróg
B'fhearr Liom Féin Mo Ghréasaí Bróg
Ná Oifigeach Airm Faoi Lásaí...

Curfá

Abair Amhrán Linn

Do Bhíos-sa Lá i bPórt Láirge

Ó do bhíos-sa lá 'bPort Láirge
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Bhí fíon is puins ar chlár ann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Bhí lán an tí de mhnáibh ann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus mise ag ól a sláinte
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

Agus d'éalaigh bean ón Chlár liom
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus triúr ó Thiobraid Árann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Ní raibh a muintir sásta
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Ní rabhadar ná leathshásta
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

Ó raghaid don Charraig amárach
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus tabharfad cailín breá dom
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Raghamid tríd an mBearnán
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
d'Cuir fios ar shagart láithreach
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

Abair Amhrán Linn

An bhFaca tú mo Shéamuisín

An bhfaca tú mo Shéamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
An bhfaca tú mo Shéamuisín
Is é 'gabháil síos an bóthar
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín
Ar a dhá choisín, ar a dhá choisín
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín
Níl caipín air ná clóca

Ag dul ar scoil tá Séamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
Ag dul ar scoil tá Séamuisín
'S a leabharín buí 'na phóca
Ar a dhroim tá máilín beag
Tá máilín beag, tá máilín beag
Ar a dhroim tá máilín beag
'S a lóinsín ann is dócha

Do rugadh é i Móin a Lín
Ag bun an chnoic i nead éinín
Do rugadh é i Móin a Lín
In aice le Bun Dóite
Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
Ar maidin is tráthnóna

Abair Amhrán Linn

Báidín Fheidhlimí

Báidín Fheilimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.
Báidín Fheilimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Curfá

Báidínbídeach, báidín beosach,
Báidín bóidheach, báidín Fheilimí
Báidín díreach, báidín deontach
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Báidín Fheilimí d'imigh go Toraí,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.
Báidín Fheilimí d'imigh go Toraí,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Curfá

Báidín Fheilimí briseadh i dToraí,
lasc ar bord agus Feilimí ann.
Báidín Fheilimí briseadh i dToraí,
lasc ar bhord agus Feilimí ann

Curfá

Abair Amhrán Linn

Óró sé do Bheatha Bhaile

Sé do bheatha, a bhean ba léanmhar do bé
ár gcreach tú bheith i ngéibhinn do
dhúiche bhreá i seilbh meirleach 's tú
díolta leis na Gallaibh.

Curfá

Óró, sé do bheatha bhaile óró,
sé do bheatha bhaile óró,
sé do bheatha bhaile anois
ar theacht an tsamhraidh.

Curfá

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile óglaigh
armtha léi mar gharda,
Gaeil iad féin is ní Francaigh ná Spáinnigh
's cuirfidh siad ruaig ar Ghallaibh.

Curfá

A bhuí le Rí na bhFeart go bhfeiceam muna
mbeam beo ina dhiaidh ach seachtain
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch
ag fógairt fáin ar Ghallaibh.

Curfá

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Cúl an Tí

Tá Tír na nÓg ar chúl an tí,
Tír álainn trína chéile,
Lucht cheithre chos ag súil na slí,
Gan bróga orthu ná léine,
Gan Béarla acu ná Gaeilge.

Ach fásann clóca ar gach droim
Sa tír seo trína chéile,
Is labhartar teanga ar chúl a' tí
Nár thuig aon fhear ach Aesop,
Is tá sé siúd sa chré anois.

Tá cearca ann is ál sicín,
Is lacha righin mhothaolach,
Is gadhar mór dubh mar namhaid sa tír
Ag drannadh le gach éinne,
Is cat ag crú na gréine.

Sa chúinne thiar tá banc dramhaíl,
Is iontaisí an tsaoil ann,
Coinnleoir, búcláí, seanhata tuí,
Is trúmpan balbh néata,
Is citeal bán mar ghé ann.

Is ann a thagann tincéirí
Go naofa, trína chéile,
Tá gaol acu le cúl a' tí,
Is bíd ag iarraidh déirce
Ar chúl gach tí in Éirinn.

Ba mhaith liom bheith ar chúl a' tí
Sa doircheacht go déanach
Go bhfeicinn ann ar cuairt gealaí
An t-ollaimhín sin Aesop
Is é in phúca léannta.

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

Cill Aodán

Anois teacht an earraigh
beidh an lá ag dul chun síneadh,
Is tar éis na féil Bríde
ardóidh mé mo sheol.
Ó chuir mé I mo cheann é
ní stopfaidh me choíche
Go seasfaidh mé thíos
i lár Chontae Mhaigh Eo.

I gClár Chlainne Mhuiris
A bheas mé an chéad oíche,
Is I mballa taobh thíos de
A thosóidh mé ag ól
Go Coillte Mach rachad
Go ndéanfadh cuairt mhíosa ann
I bhfogas dhá mhíle
Do Bhéal an Átha Mhóir

Fágaim le huacht é
go n-éiríonn mo chroí-se
Mar a éiríonn an ghaoth
nó mar a scaipeann an ceo
Nuair a smaoiním ar Cheara
nó ar Ghaileang taobh thíos de
Ar Sceathach an Mhíle
nó ar phlánaí Mhaigh Eo;

Cill Aodáin an baile
a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara is subh craobh ann
is meas de gach sórt,
Is dá mbéinnse i mo sheasamh
i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom
is bheinn arís óg.

Bíonn cruithneacht is coirce,
fás eorna is lín ann,
Seagal i gcraobh ann,
Arán, plúir agus feoil,
Lucht déanta poitín
gan licence á dhíol ann,
Móruaisle na tíre ann
ag imirt is ag ól.

Tá cur agus treabhadh
is leasú gan aoileach
Is iomaí sin ní ann
nár labhair me go fóill,
Áitheanna is muilte
ag obair gan scíth ann,
Deamhan caint ar phingin cíosa
ná dada dá shórt.

Abair Amhrán Linn

Cad é sin don té sin?

Chuaigh mé 'un aonaigh is dhíol mé mo bhó
Ar chúig phunta airgid is ar ghiní bhuí óir
Má ólaim an t-airgead 's má bhronnaim an t-ór
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Má théim go coill chraobhach ag piocadh sméara nó cnó
'Baint úllaí de ghéaga nó 'bhuachailleacht bó
Má shínim seal uaire faoi chrann ag déanamh só
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Má théimse chuig airneál is rince is spórt
Chuig aonach is rásí's gach cruinniú den tsórt
Má chím daoine súgach 's má bhím súgach leo
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Deir daoine go bhfuil mé gan rath is gan dóigh
Gan earra gan éadáil, gan bólacht ná stór
Má tá mise sásta 'bheith' mo chónaí i gcró
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Tá aithne agam ar chailín deas cheasta is cóir
A píob mar an eala 's a leacain mar rós
Má bhíonn sí is mise un inid faoi sheol
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Chuaigh mé 'un aonaigh is dhíol mé mo bhó
Ar chúig phunta airgid is ar ghiní bhuí óir
Má ólaim an t-airgead 's má bhronnaim an t-ór
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Má ólaim an t-airgead 's má bhronnaim an t-ór
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

Abair Amhrán Linn

Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine

Ar oileáin mara,

Ag siúl cois cladaigh

Maidin is tráthnóna

Ó Luan go Satharn

Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine,

Ó chrá chroí,

Ó bhuairt aigne,

Ó uaigneas dhuairc,

Ó chaint ghontach,

Thiar ag baile.

Abair Amhrán Linn

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae:
Binn am fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021

Abair Amhrán Linn

An tSeanbhean Bhocht

Dhéanfaidh mé teach mór do mo sheanbhean bhocht,
Dhéanfaidh mé teach mór do mo sheanbhean bhocht,
Dhéanfaidh mé teach mór di is ceannóchaidh mé bó di,
Ach b'fhearr liom buachaill óg, a deir an tseanbhean bhocht.

Ar chuala sibh nó an bhfaca sibh mo sheanbhean bhocht?
Ar chuala sibh nó an bhfaca sibh mo sheanbhean bhocht?
Chonaic muid ar an mhargadh í is í ag cuntas a cuid airgid
Is buachaill as na Cealla ag baint dealg as a cois.

Is trua gan tú sa mhuilleann agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa mhuilleann agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa mhuilleann agam is do dhroim le sac na mine agam
Is nár dheas an toirtín muilleora a dhéanfadh an tseanbhean bhocht.

Is trua gan tú sa bhád agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa bhád agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa bhád agam is do dhá chois in airde agam
Is nár dheas na maidí rámha a dhéanfadh an tseanbhean bhocht.

Is trua gan tú sa chlódaigh agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa chlódaigh agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa chlódaigh agam is lán mo dhoirn de shúiche agam
Is nár dheas an t-uisce súl a dhéanfadh an tseanbhean bhocht.

Is trua gan tú sa cheárta agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa cheárta agam, a sheanbhean bhocht,
Is trua gan tú sa cheárta agam is cruithreacha ar do shála agam
Is nár dheas an capall rása a dhéanfadh an tseanbhean bhocht.

Caidé do ghraithe ag geaibíneacht, a sheanbhean bhocht?
Caidé do ghraithe ag geaibíneacht, a sheanbhean bhocht?
Caidé do ghraithe ag geaibíneacht is gan fiacail in do chab agat?
Ó, go dtóga an Rí ón teallach uaim an tseanbhean bhocht.

- Na Casaidigh -
Oíche Chultúir 2021